

Tamall ag guí i láthair na hEocairiste

i gCill Éinde, An Spidéal
Gach Satharn 10am—11am
Páidrín gach Domhnach
@ 5.00i.n.
Fáilte roimh cách

Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:

Cill Éinde (Paróiste)
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)
IBAN: IE50AIBK93740104660161
BIC: AIBKIE2D
Oibreacha deisiúcháin riachtanacha
IBAN IE02AIBK937401046608 31

Scoil Éinne

Rollachán- Scoilbhliain 2027-2028- Tá Scoil Éinne ag glacadh le hiarratais don scoilbhliain seo chugainn. Eolas ar fáil ón scoil nó ón suíomh idirlín Ag: https://scoileinne.ie/.

Suirbhé ar Bhunscoileanna

Torthaí i gcás theaghlaigh Scoil Éinne. ar fáil ag ***https://assets.gov.ie/static/documents/b7418318/Galway_ga.pdf***.

Más mian leat aiseolas a dhéanamh iarrtar ort teach-taireacht ríomhphoist a sheoladh chuig Rúnaí an Bhord
Bainistíochta ag an seoladh seo pri-omhoide@scoileinne.net roimh Aoine, 20 Samhain

Cumann Staire agus Seanchais Chois Fharraige

Léacht agus comhrá dár teideal
Cois Fharraige sa Seachtú Céad Déag
Le Conall Ó Murchadha
8pm Dé Céadaoin, 25 Samhain,
i gColáiste Chonnacht
Fáilte roimh chách

Molaigí an Tiarna

Curfá
Molaigí an Tiarna, Molaigí an Rí,
Molaigí ár Slánaitheoir, Molaigí an Críost.
Molaigí an Tiarna, Molaigí an Rí,
Molaigí ár Slánaitheoir, Molaigí an Críost.

Véarsa
Tagaigí ag damhsa, Tagaigí ag caint,
Tagaigí ag canadh, Tagaigí ag seinnt.


Vérsa
Canaigí go glórmhar,
Canaigí le grá. *(Curfá)*

Móraimidne Rí na nDúl,

Móraimidne Rí na nDúl,
Aon Mhac Mhuire, Dian a Slua,
Moladh Dó is ard onóir,
Rí na nAingeal, Rí na gCumhacht.
Glóraimid le mórtas ard,
Dia na beatha, Dia na nGrás,
Cruthaitheoir an domhain go léir,
Rí na Ríthe, Tréan na dTréan.

Beannaigh sinn, a Shlánaitheoir;
Líon ár gcroí led' ghrá go deo.
Féach orainne clann bocht Adhaimh,
Glan ár smaoineamh, glan ár lámh.
Ardóimid arís ár nglór.
Glóire agus ard-onóir.
D'aon Mhac Mhuire Dia na Slua,
Rí na nAingeal, Rí na nDúl.





Paróiste An Spidéil
Sollúntas Chríost Rí na nUile A
21ú & 22ú Samhain 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745 R*íomhphost:* cilleinde@outlook.ie
Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin,
Dé hAoine 10.00-2.00

Aifrinn & Intinní na Seachtaine

✠ Cill Éinde, Spidéal

Dé Domhnaigh	22ú	11.00r.n.	Máirín Breathnach **4ú Cuimhneachán**	*Coilleach*
			Pádraic Concannon	*Páirc*
			Muintir Molloy	*Baile Éamoinn*
			Micil & Kate Ó Culáin	*Sailthúna*
			Manus Breathnach	*Coilleach*
			Julie White	*Cnoc ar Easair/Sasana*
			Úna & Mattie Power	*Sasana*
Dé Céadaoin	25ú	10.00r.n	Jimmy Conneely	*Baile Liam*
Déardaoin	26ú	10.00r.n	*Missa Pro Populo*	
Dé hAoine	27ú	10.00r.n	Marzia Catarozzi **Bás le gairid**	*Bergamo/Iodáil & Spidéal*
Dé Domhnaigh	29ú	11:00r.n.	Beairtle Ó Conaire **Céad Cuimhneacháin**	*Páirc*
			Pádraic Ó Conghaile,a bhean Mary a thuismitheoirí Micheál & Máire	*Sidheán*
			Michael & Delia Canavan	*Uachtar Ard*
			Sarah & Peadar Ó Conchubhair	*Bothúna*
			Keith & Dominic Mac Airt	*Coilleach/BAC*
			Ath Micheál Ó hOistín	*Cathair na Mairt*

✠ Cill Treasa, Ros a'Mhíl,

Dé Sathairn	121ú	6.30i.n.	Mary, Peadar & mac Pete Mac Dhonnachadha	*Ros a'Mhíl*
			Rory Ó Conghaile (Tailiúra) **2ú Cuimhneachán**	*Ros a'Mhíl*
			Tamín Ó Fátharta, a bhean Sara, iníon Nancy & Máire agus mac Pádraic	*Barr Roisín*
			Máire Ní Chonghaile, a fear céile Coilín, mac Seán & iníon Bríd.	*Ros a'Mhíl*
			Jimmy Mc Donagh	*Ros a'Mhíl*
Dé Sathairn	28ú	6:30i.n.	Maggie, Joe, Tim & Tom Ó Donochú	Na Doireadh
			Máire Treasa Seoighe 12ú Cuimhneachán, a athair Tom, máthair	

✠ Cill Mhuire, Na Minna

Dé Domhnaigh	22ú	9:30am	Máirtín & Stiofán Mac Donnachadha	*Minna*
Dé Domhnaigh	29ú	9:30am		

Loinneog don Iontróid – Apac 5:12; 1-6

An tUan a cuireadh chun báis, is fiú é an chumhacht a fháil agus an saibhreas agus an eagna agus an neart agus an onóir. Go raibh glóir agus cumhacht aige ar feadh na síoraíochta.

Gníomh Aithrí

Tusa a seoladh chun na daoine atá croíbhrúite a shlánú: *A Thiarna, déan trócaire.* **A Thiarna, déan trócaire.**

Tusa a tháinig chun glaoch ar na peacaigh: *A Chríost, déan trócaire.* **A Chríost, déan trócaire.**

Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, chun idirghuí ar ár son: *A Thiarna, déan trócaire.* **A Thiarna, déan …..**

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacai dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

An Ghlóir

Glóir do Dhia sna harda,
agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.
Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú; tugaimid glóir duit;
gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;
a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.
A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,
tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.
Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.

Urnaí

A Dhia shíoraí uilechumhachtaigh, sé do thoil smacht an oilc a scrios agus gach ní a athchóiriú trí do Mhac muirneach, Íosa Críost, Rí na n-uile. Go dtuga gach dúil ar neamh agus ar talamh moladh agus glóir duit go brách. Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna. **Amen.**

Liotúirge an Bhriathair

An Chéad Léacht

Sliocht as leabhar Ezicéal fáidh – 34:11-12, 15-17

Seo mar a deir an Tiarna Dia: Cuardóidh mé féin na caoirigh agus beidh a gcúram orm féin amháin. Dála mar a bhíonn cúram na gcaorach ar an tréadaí a fhanann i lár an tréada scaipthe, coinneoidh mise súil ar mo chaoirigh. Rachaidh mé i gcabhair orthu nuair a théann siad ar seachrán sa cheo agus sa dorchadas. Beathóidh mise mo chaoirigh agus tabharfaidh mé orthu a scíste a ligean – an Tiarna Dia a labhraíonn. Cuardóidh mé an chaora chaillte, tabharfaidh mé ar ais an seachránaí, ceanglóidh mé an bacach agus neartóidh mé an chaora lag. Tabharfaidh mé aire don mhéith agus don láidir agus gheobhaidh siad cothú ceart uaim.

Maidir libhse, a thréad, a deir an Tiarna Dia: Tugaim breith idir caoirigh agus caoirigh, idir reithí agus gabhair fhirinn.

Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Salm le Freagra – Sm 22

Is é an Tiarna m'aoire, Ní bheidh aon ní de dhíth orm.

1. Is é an Tiarna m'aoire,
   ní bheidh aon ní de dhíth orm.
   Cuireann sé i mo luí mé
   i móinéar féaruaithne. *(Fr)*
2. Seolann sé ar imeall an uisce mé
   mar a bhfaighim suaimhneas.
   Seolann sé mé ar rianta díreacha
   mar gheall ar ainm. *(Fr)*
3. Cóirínn tú bord chun béile dom
   i bhfianaise mo naimhde.
   Ungann tú mo cheann le hola;
   tá mo chupán ag cur thar maoil.
4. Leanfaidh cineáltas is fabhar mé
   gach uile lá de mo shaol.
   I dteach an Tiarna a mhairfidh mé
   go brách na breithe. *(Fr)*

An Dara Léacht *1 Cor. 15:20-26, 28*

Sliocht as céadlitir N. Pól chuig na Coirintigh

A bhráithre, tá Críost aiséirithe ó mhairbh, ina cheannródaí orthu sin atá ar shlí na fírinne. Faoi mar a tháinig an bás ann trí bíthin duine, tháinig an t-aiséirí ann trí bhíthin duine mar an gcéanna. Faigheann an uile dhuine bás i gcomhar le hÁdhamh; ar an dála céanna athbheofar an uile dhuine i gcomhar le Críost. Beidh gach aoinneach ina sheal féin áfach: Críost i dtosach; ansin, ar theacht do Chríost, an mhuintir a bheidh i bpáirt leis; agus ar ball tiocfaidh an chríoch nuair a bheidh gach tiarnas agus údarás agus cumhacht curtha ar neamhní aige agus an ríocht tugtha suas aige do Dhia an tAthair. Mar ní foláir do Chríost a bheith ina rí nó go mbeidh na naimhde uile curtha faoi chois. Agus is é an namhaid deireanach atá le díothú, an bás. Agus nuair a bheidh an uile ní curtha faoi smacht Chríost ag Dia, rachaidh Críost féin, an Mac, faoi smacht Dé agus sa tslí sin beidh Dia ina mháistir ar an iomlán. *Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

Alleluia, alleluia!
Is beannaithe an té atá ag teacht ina ainm an Tiarna!
Is beannaithe ag teacht í, Ríocht ár nAthar, Dáiví!
Alleluia!

Soiscéal *Maitiú. 25:31-46*

Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Matha

Dúirt Íosa lena dheisceabail: 'Nuair a thiocfaidh Mac an Duine ina ghlóir agus na haingil uile in éineacht leis, rachaidh sé ina shuí an uair sin i ríchathaoir a ghlóire. Beidh na náisiúin uile cruinnithe os a chomhair, agus déanfaidh sé na daoine a scaradh ó chéile, mar a scarann an t-aoire na caoirigh ó na gabhair. Cuirfidh sé na caoirigh ar a láimh dheis agus na gabhair ar a láimh chlé. Ansin déarfaidh an rí le lucht na láimhe deise: "Tagaigí, a lucht bheannaithe m'Athar, glacaigí mar oidhreacht an ríocht a ullmhaíodh daoibh ó thús an domhain. Óir bhí ocras orm agus thug sibh rud le hithe dom, bhí tart orm agus thug sibh rud le hól dom, bhí mé i mo strainséir agus thug sibh aíocht dom, bhí mé nocht agus chuir sibh éadach orm, bhí mé tinn agus tháinig sibh dom fhéachaint, bhí mé i brpíosún agus thug sibh cuairt orm." Freagróidh na fíréin é ansin: "A Thiarna, cén uair a chonaiceamar thú agus ocras ort go dtabharfaimis bia duit, nó nocht go gcuirfimis éadach ort? Nó cén uair a chonaiceamar tinn thú, nó i bpríosún, go dtabharfaimis cuairt ort?" Agus déarfaidh an rí á bhfreagairt: "Deirim libh go fírinneach, sa mhéid go ndearna sibh é do dhuine den chuid is lú de na bráithre seo agamsa, is domsa a rinne sibh é." Ansin déarfaidh sé le lucht na láimhe clé ar a seal: "Imígí uaim, a dhream mhallaithe, isteach sa tine shíoraí a ullmhaíodh don diabhal agus dá chuid aingeal. Óir bhí ocras orm agus níor thug sibh aon rud le hithe dom, bhí tart orm agus níor thug sibh aon rud le hól dom, bhí mé i mo strainséir agus níor thug sibh aíocht dom, bhí mé nocht agus níor chuir sibh aon éadach orm, bhí mé tinn agus i bpríosún agus níor tháinig sibh dom fhéachaint." Agus freagróidh siad sin é ansin: "A Thiarna, cén uair a bhí tú le feiceáil againn agus ocras nó tart ort, nó i do strainséir, nó nocht nó tinn nó i bpríosún agus nach ndearnamar freastal ort?" Ansin freagróidh sé iad: "Deirim libh go fírinneach, sa mhéid nach ndearna sibh é do dhuine den chuid is lú díobh seo, ní dhearna sibh domsa é ach oiread." Agus imeoidh siad leo, iad seo isteach i bpionós síoraí, ach na fíréin i mbeatha shíoraí.'

Soiscéal an Tiarna. **Moladh duit, a Chríost.**

Cré na nAspal

Creidim i nDia, an tAthair uilechumhachtach,
cruthaitheoir neimhe agus talún;
agus in Íosa Críost, a aon mhacsan, ár dTiarna,
a gabhadh on Spiorad Naomh,
a rugadh ó Mhuire Ógh;
a d'fhulaing páis faoi Phontius Píoláit,
a céasadh ar chrois,
a fuair bás agus a adhlacadh;
a chuaigh síos go hifreann,
a d'éirigh an treas lá ó mhairbh;
a chuaigh suas ar neamh;
atá ina shuí ar dheis Dé, an tAthair uilechumhachtach;
as sin tiocfaidh sé chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh.
Creidim sa Spiorad Naomh, sa NaomhEaglais Chaitliceach, i gcomaoin na naomh;
i maithiúnas na bpeacaí, in aiséirí na colainne,
agus sa mbeatha shíoraí. Amen.

Liotúirge na hEocairiste

Guígí go nglaca Dia….. uaimse agus uaibhse.
Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha, chun onóra agus glóire a ainm,
chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.

Os Cionn na nOfrálacha

Ofrálaimid duit, a Thiarna, an íobairt lena dtugann do Mhac an cine daonna chun athmhuintearais leat. Go ndéana sí aontacht agus síocháin a dhaingniú ar fud an domhain. Ár guí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

Preafáid:

Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Tógaigí bhur gcroíthe in airde. **Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.**
Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia. **Is ceart agus is cóir dúinn.**

Is ceart agus is cóir sin go deimhin,
is cuí agus is tairbheach, buíochas a ghabháil leat de shíor agus i ngach áit, a Thiarna, a Athair naofa, a Dhia uilechumhachtaigh, shíoraí……..

Is Naofa, Naofa, Naofa thú, aThiarna Dia na Slua.
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.
Hósanna sna harda.
Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm anTiarna.
Hósanna sna harda.

Rúndiamhair an chreidimh
A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh muid, tusa a shaor muid trí do chros agus trí d'aiséirí.

Iarchomaoineach

Thug tú Críost, Rí na n-uile, mar chothú chun na beatha síoraí dúinn, a Thiarna. Cuir ar ár gcumas a shoiscéal a chur i bhfeidhm inár mbeatha agus tabhair slán abhaile sinn go ríocht a ghlóire. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

An Deasghnáth Deiridh

Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**

Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**